An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

# Taighdeoir san Eolaíocht Shóisialta (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

# Iomaíocht Oscailte

Dáta Deiridh: **3pm Dé Luain, 25 Lúnasa 2025**

# Eolas d’Iarrthóirí

## Taighdeoir san Eolaíocht Shóisialta (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

Is fostóir comhdheiseanna í an Chomhairle Mhúinteoireachta agus is ar bhonn fiúntais a mheasfar gach iarratas ar fhostaíocht. Cuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, inscne, míchumas, cine, tuairim pholaitiúil, aois, stádas pósta, gnéaschlaonadh, a bheith mar dhuine den lucht siúil, stádas teaghlaigh nó má tá cleithiúnaithe acu.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta tiomanta lena n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus cuireann sí fáilte roimh iarrthóirí atá cumasach sa Ghaeilge, nó a bhfuil spéis acu a bheith cumasach sa Ghaeilge.

- Ríomhphost: recruitment@teachingcouncil.ie.
- Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0.
- Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gComhairle Mhúinteoireachta tabhair cuairt ar www.teachingcouncil.ie

## Cuspóir na Comhairle Múinteoireachta

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta rialtóir ghairm na múinteoireachta in Éirinn. Is é an ról atá againn ná an pobal a chosaint trí chaighdeáin ghairmiúla sa mhúinteoireacht a chur chun cinn agus a rialú.

Déanaimid é seo trí chlárú reachtúil múinteoirí, ag cinntiú gairm mhúinteoireachta ardcháilithe, a gcomhlíonann agus a gcloíonn a mbaill le hardchaighdeáin inniúlachta gairmiúla agus iompair ghairmiúil.

Tá an Chomhairle Mhúinteoireachta ag lorg duine faoi láthair a bhfuil taithí agus cáilíochtaí cuí acu chun an folúntas mar Thaighdeoir san Eolaíocht Shóisialta (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) a líonadh.

## Suíomh

An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara (Tá socruithe oibre cumaisc ar fáil de réir Phrótacail Oibre Chumaisc na Comhairle Múinteoireachta).

## Cineál Poist

Conradh Lánaimseartha

## Achoimre an Róil

Tá ról an Ardoifigigh Feidhmiúcháin (HEO), Taighdeoir san Eolaíocht Shóisialta suite laistigh den rannóg Beartais agus Cumarsáide den Chomhairle Mhúinteoireachta agus tuairisceoidh siad don Cheann Beartais agus Cumarsáide. Tacóidh siad freisin le hobair thrasfheidhmeach na heagraíochta agus a cuspóirí straitéiseacha, agus tabharfaidh siad comhairle, idirghníomhóidh siad agus tacóidh siad leis an bhfoireann Ardbhainistíochta agus leis an bhfoireann ar gach leibhéal maidir le cúrsaí a bhaineann lena réimsí freagrachta.

Beidh an t-iarrthóir rathúil ina b(h)all lárnach den fhoireann Beartais & Cumarsáide, ag bainistiú sheachadadh tionscadal agus aschur taighde, chomh maith le réimse tionscadal níos leithne ar fud na heagraíochta. Ní mór don iarrthóir rathúil eolas agus scileanna láidre taighde cainníochtúla agus cáilíochtúla a bheith acu, chun a chinntiú go ndéantar an taighde go láidir agus go mbíonn tionchar aige ar thorthaí agus ar mholtaí atá bunaithe ar fhianaise.

Léireoidh an t-iarrthóir rathúil cumas chun réimsí casta a thuiscint go tapa, lena n-áirítear reachtaíocht ábhartha a bhaineann leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus tírdhreach an bheartais oideachais, lena n-áirítear saincheisteanna agus dúshláin atá ag teacht chun cinn.

**I measc na ndualgas agus na bhfreagrachtaí breise tá an méid seo a leanas:**

- Tionscadail shannta sa rannóg Beartais & Cumarsáide a bhainistiú agus a chur i gcrích.
- Tionscadail a dhíríonn ar róil agus feidhmeanna reachtúla na Comhairle a bhainistiú agus a chur i gcrích, i gcomhréir le Plean Straitéiseach na Comhairle.
- Tionscadail taighde a dhearadh agus a sheoladh, sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, torthaí, moltaí agus tuarascálacha a scríobh don Cheann Beartais & Cumarsáide, don Fhoireann Ardbhainistíochta, don Chomhairle agus dá fochoistí, agus do pháirtithe leasmhara seachtracha.
- Monatóireacht réamhghníomhach a dhéanamh ar an timpeallacht sheachtrach agus comhairle beartais straitéisigh a fhorbairt trí thaighde a dhéanamh ar sheasaimh fhianaise-bhunaithe, anailís a dhéanamh orthu agus iad a fhorbairt maidir le saincheisteanna oideachais reatha agus atá ag teacht chun cinn de réir mar a bhaineann siad le ról agus feidhmeanna na Comhairle.
- An áit ina bhfuil bearnaí sa bhonn fianaise a aithint go cruinn agus moltaí fónta a dhéanamh maidir le conas is féidir é seo a bhainistiú.
- Tionscadail taighde nua a fhorbairt i gcomhar le comhghleacaithe eile laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta agus d'eagraíochtaí seachtracha, ag dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara de réir mar is gá.
- A chinntiú go gcomhlíontar gach ceanglas dlíthiúil, eiticiúil agus comhlíonta sonraí i ndáil le gníomhaíochtaí taighde.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn conraitheoirí taighde.
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle ag cruinnithe, imeachtaí agus comhdhálacha seachtracha agus torthaí ó thionscadail a scaipeadh trí chur i láthair ó bhéal agus aschur scríofa.
- Líonra teagmhálaithe taighde a fhorbairt agus dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail acadóirí, saineolaithe beartais, rialtóirí eile agus ranna rialtais.
- Buiséid, baill foirne sannta agus acmhainní eile, lena n-áirítear cóitseáil agus meantóireacht bhaill foirne, a bhainistiú.
- Oibriú go héifeachtach le hAOFanna eile i gcás ina n-éiríonn saincheisteanna trasnacha agus rannchuidiú le spriocanna straitéiseacha na Comhairle.
- Tacú le hacmhainn an phobail a fhorbairt laistigh den eagraíocht maidir le modhanna taighde sóisialta agus anailísíocht sonraí.

Dualgais eile a shanntar ag an gCeann Beartais agus Cumarsáide nó ag Stiúrthóir nó Leas-Stiúrthóirí na Comhairle Múinteoireachta.

## Riachtanais Riachtanacha

Ní mór don iarrthóir rathúil:

- Taithí oibre ábhartha trí bliana ar a laghad a bheith acu.
- An t-eolas agus an cumas is gá a bheith acu chun feidhmeanna uile an phoist a chomhlíonadh.
- An cumas taithí/saineolas a thabhairt ó thionscadail roimhe seo ar shaincheisteanna atá ann cheana.
- Scileanna pleanála, eagrúcháin agus anailíse/léirmhínithe as an ngnáth a bheith acu agus an cumas oibriú de réir spriocdhátaí teann, tascanna a chur in ord tosaíochta go héifeachtach agus torthaí a sheachadadh laistigh de spriocdhátaí dochta agus fócas á choinneáil ar chaighdeán na hoibre.
- Scileanna cumarsáide, idirphearsanta agus bainistíochta daoine den scoth a bheith acu.
- Cumas cruthaithe a bheith acu chun caidreamh oibre fiúntacha a thógáil le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha.
- A bheith dírithe ar réitigh le cumas tionscantach agus réiteach fadhbanna agus fonn a bheith acu nuálaíocht agus athrú a spreagadh.
- Cur chuige eagraithe a bheith acu, chomh maith le haird chúramach ar mhionsonraí maidir le cuidiú le cúraimí agus nósanna imeachta casta.
- Taithí agus inniúlacht in úsáid bogearraí sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla agus cur chuige eagraithe i mbainistíocht faisnéise a bheith acu, lena n-áirítear bainistíocht comhad agus úsáid TFC.
- An cumas a bheith solúbtha agus oiriúnú d'éilimh athraitheacha a bheith acu, tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú agus spriocdhátaí a chomhlíonadh.
- Cumas a bheith acu déileáil le ceisteanna casta ó raon leathan páirtithe leasmhara.
- An cumas oibriú le faisnéis rúnda agus rúndacht a choinneáil a bheith acu.

*(Cinntigh le do thoil go léiríonn tú iad seo i d'fhoirm iarratais)*

## Critéir Inmhianaithe

- Cáilíocht tríú leibhéal a bheith acu, i dtaighde sóisialta feidhmeach, staitisticí, socheolaíocht, eolaíocht shóisialta, eacnamaíocht, tíreolaíocht, anailísíocht sonraí nó disciplín gaolmhar. Ní mór don cháilíocht díriú go mór ar mhodhanna taighde sóisialta agus/nó modhanna staidrimh
- Eolas agus taithí mhionsonraithe a bheith acu ar bhainistiú tionscadal taighde: tionscadail taighde a dhearadh agus a sheoladh lena n-áirítear dearadh agus modheolaíocht taighde, nósanna imeachta eiticiúla, athbhreithnithe litríochta, forbairt ceisteanna taighde agus creataí coincheapúla, modhanna taighde cáilíochtúla agus cainníochtúla, bailiú sonraí, anailís sonraí, torthaí a scríobh, plé, moltaí agus tuarascálacha a tháirgeadh.

- Eolas agus taithí mhionsonraithe a bheith acu i ndáil le dearadh ionstraimí cáilíochtúla agus cainníochtúla.
- Cumas teicniúil suntasach a bheith acu i ndáil le teicnící agus bogearraí anailíse sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla.
- Léiriú a thabhairt ar thuiscint ar obair agus ar spriocanna straitéiseacha na Comhairle Múinteoireachta mar an comhlacht caighdeán gairmiúil don mhúinteoireacht in Éirinn agus ar an gcomhthéacs rialála agus beartais, in Éirinn agus ar bhonn idirnáisiúnta araon, ina ndéanann an Chomhairle Mhúinteoireachta a cuid oibre.
- Eolas agus taithí mhionsonraithe a bheith acu i ndáil le scileanna éirime gnó.
- Cumas caidreamh a dhéanamh ag úsáid na Gaeilge.

Tá an sainchuntas poist seo beartaithe mar threoir ghinearálta don raon dualgas, agus níl sé cinntitheach ná sriantach. Coimeádann an Chomhairle Mhúinteoireachta an ceart aici féin foireann a shannadh laistigh den Chomhairle Mhúinteoireachta de réir mar is cuí agus mar is gá.

## Critéir Mheasúnaithe Iarrthóra

Déanfar measúnú ar iarrthóirí bunaithe ar an sainchuntas poist atá leagtha amach thuas, ar fhianaise go gcomhlíonann siad na riachtanais riachtanacha atá leagtha amach thuas agus ar an gcreat inniúlachta do bhaill foirne ar ghrád Ardoifigigh Feidhmiúcháin atá léirithe thíos.

**Ceannaireacht Foirne**

- Oibríonn siad leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a éascú, cuspóirí soiléire réadúla a fhorbairt a thugann aghaidh ar shaincheisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn.
- Soláthraíonn siad faisnéis agus comhairle shoiléir maidir leis an méid a theastaíonn ón bhfoireann.
- Féachann siad le bealaí nua oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach.
- Stiúrann siad trí shampla, cóitseáil agus tacú le daoine aonair de réir mar is gá.
- Leagann siad béim ar fhorbairt foirne, oiliúint agus scileanna agus cumas na foirne a uasmhéadú.
- Tá siad solúbtha agus toilteanach oiriúnú, ag cur go dearfach le cur chun feidhme an athraithe.

**Anailís & Cinnteoireacht**

- Bailíonn siad agus déanann siad anailís ar fhaisnéis ó fhoinsí ábhartha, cibé acu airgeadais, uimhriúil nó ar shlí eile raon fachtóirí criticiúla a mheas.

- Cuireann siad aon saincheisteanna níos leithne agus na himpleachtaí gaolmhara san áireamh agus cinntí á ndéanamh.
- Baineann siad úsáid as eolas agus taithí roimhe seo chun cinntí a threorú.
- Déanann siad cinntí fónta le réasúnaíocht réasúnta maith agus seasann siad leo siúd.
- Cuireann siad réitigh chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna.

**Bainistiú & Seachadadh Torthaí**

- Glacann siad freagracht agus tá siad freagrach as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.
- Bainistíonn siad réimse éagsúil tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre go rathúil agus ag an am céanna.
- Déanann siad a gcuid oibre féin agus obair dhaoine eile a struchtúrú agus a eagrú agus go héifeachtach.
- Tá cur chuige loighciúil agus pragmatach acu, ag seachadadh na dtorthaí is fearr is féidir leis na hacmhainní atá ar fáil.
- Déanann siad obair a tharmligean go héifeachtach, ag cur faisnéis agus fianaise shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil ag teastáil.
- Sainaithníonn siad go réamhghníomhach réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu agus forbraítear moltaí praiticiúla maidir lena gcur chun feidhme.
- Léiríonn siad díograis maidir le forbairtí nua/cleachtais oibre atá ag athrú agus déanann siad a ndícheall na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Cuireann siad córais/próisis iomchuí i bhfeidhm chun gur féidir seiceáil cáilíochta a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus aschur.
- Cleachtann siad agus cuireann siad fócas láidir chun cinn ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar, do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

**Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide**

- Forbraíonn siad agus cothaíonn siad teagmháil le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile a théann chun leasa an róil a chomhlíonadh.
- Feidhmíonn siad mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an bhainistíocht shinsearach.
- Spreagann siad plé oscailte agus cuiditheach maidir le saincheisteanna oibre.
- Léiríonn siad diongbháilteacht, agus faigheann siad muinín trí fhaisnéis ábhartha a leagan amach agus na tairbhí a dhíol.

- Caitheann siad le daoine eile le stuaim, cúirtéis, meas agus go cáiréiseach fiú amháin i gcúinsí dúshlánacha.
- Cuireann siad eolas i láthair go soiléir, gonta agus go muiníneach agus tú ag labhairt agus i scríbhinn.

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Tá tuiscint shoiléir acu ar ról, ar chuspóirí agus ar spriocanna an duine féin agus na foirne agus an chaoi a n-oireann siad d'obair an aonaid agus na Roinne/Eagraíochta agus a chuireann sé seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile.
- Tá leibhéil arda saineolais agus eolas leathan acu san Earnáil Phoiblí a bhaineann lena réimse oibre.
- Díríonn siad ar fhéinfhorbairt, ag iarraidh feidhmíocht a fheabhsú.

**Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí**

- Déanann siad a ndícheall feidhmiú ar ardleibhéal, agus fuinneamh suntasach á infheistiú acu chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.
- Léiríonn siad athléimneacht i bhfianaise imthosca dúshlánacha agus ardéilimh.
- Tá siad iontaofa go pearsanta agus is féidir brath orthu.
- Cinntíonn siad go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil.
- Seasann siad le hardchaighdeáin macántachta, eitice agus ionracais.

# Próiseas Iomaíochta

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba cheart iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais seo a chomhlánú. Ní mór **gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán**. Nuair a bheidh d'iarratas comhlánaithe agat ní mór duit é a sheoladh trí ríomhphost chuig recruitment@teachingcouncil.ie.

Ní mór gach foirm iarratais a chur isteach **i bhformáid Microsoft Word amháin**.

## Dáta Deiridh

Ní mór d'iarratas a chur isteach trí ríomhphost tráth nach déanaí ná **3pm Dé Luain, 25 Lúnasa 2025.**

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de **5 lá oibre** ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le **recruitment@teachingcouncil.ie**.

**Ní** ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

Ba chóir d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí atá sonraithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais cruinn.

## Modhanna Roghnúcháin

Áireofar sa roghnú:

- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina bhfoirm iarratais.
- Agallamh bunaithe ar inniúlacht.

## Gearrliostú

Is gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost ná mar a theastaíonn chun folúntais reatha a líonadh. Cé go sásódh iarrthóir na riachtanais cháilitheachta don chomórtas, má tharlaíonn sé go gcuireann an oiread sin daoine isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, d'fhéadfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta cinneadh a dhéanamh gan ach líon áirithe iarrthóirí a ghlaoch chuig agallamh.

I dtaca leis seo, baineann an Chomhairle Múinteoireachta úsáid as próiseas gearrliostaithe chun grúpa, gur cosúil gurb iad na daoine is oiriúnaí don phost, a roghnú le haghaidh agallaimh, bunaithe ar scrúdú ar na foirmeacha iarratais. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i gcoinne na gcritéar réamhshocraithe bunaithe ar na riachtanais den phost.

Ní baintear as an méid sin go gcaithfidh go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach mbeidís in ann don phost ach gur cosúil, bunaithe ar a n-iarratas, go bhfuil cuid de na hiarrthóirí níos cáilithe ná a chéile nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

# Aguisín a hAon

Cuid 1 (Coinníollacha a bhaineann go háirithe leis an bpost seo)

## Pá

Seo a leanas an scála pá:

### Ráta Pá Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

€58,264 €59,967 €61,668 €63,366 €65,072 €66,769 €68,472 €70,928[1] €73,378[2]

Beidh feidhm ag an ráta seo nuair is earcach nua chuig an tseirbhís phoiblí iad an duine a cheapfar nó gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí iad *a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin* agus déanann siad ranníocaíocht phearsanta pinsin éigeantach. Déanfar an ráta seo a choigeartú de réir scálaí pá athbhreithnithe arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Is Incrimint Fadseirbhíse é LSI 1 tar éis 3 bliana ar Uasmhéid an scála.*

**Is Incrimint Fadseirbhíse é LSI 2 tar éis 6 bliana ar Uasmhéid an scála.*

Beidh an ráta pá **gan ranníocaíocht phearsanta pinsin (Neamh-RPP)** i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí reatha é an t-iarrthóir rathúil a *earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995* agus nach gá dó/di ranníocaíocht éigeantach phearsanta pinsin a dhéanamh. Déanfar an ráta seo a choigeartú de réir scálaí pá athbhreithnithe arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**Nóta Tábhachtach:** Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go mbeidh an iontráil ag íosmhéid an scála agus nach mbeidh sé faoi réir idirbheartaíochta agus féadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais. Féadfar incrimintí a bhronnadh faoi réir feidhmíochta sásúla agus athruithe sna téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le hincrimintí tuarastail sa Státseirbhís/seirbhís phoiblí go ginearálta. I gcúinsí áirithe, féadfaidh coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí ar seirbhís é an duine ceaptha, díreach roimh an gceapachán. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaí iasachtaí de thréimhse sheasta ó chomhlachtaí eile san Earnáil Phoiblí a bhreithniú.

# Aguisín a Dó

Cuid 2 (Coinníollacha a bhaineann go ginearálta leis an oifigeach sa phost seo)

## Promhadh

Ní mór don duine ceaptha tréimhse phromhaidh a chur isteach, a mhairfidh sé mhí de ghnáth. Má bhíonn seirbhís an duine ceaptha sásúil ó thaobh sláinte, iompair, éifeachtúlachta agus feidhmíochta go ginearálta le linn na tréimhse promhaidh, deimhneofar an ceapachán.

## Dualgais

Ceanglófar ar an duine ceaptha aon dualgais a shanntar ó am go ham a chomhlíonadh de réir mar is cuí don ról.

## Fostaíocht Eile

Is post lánaimseartha é, agus ní fhéadfaidh an duine ceaptha gabháil do chleachtas príobháideach ná baint a bheith aige le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil. Ní mór soiléiriú a lorg ón mbainistíocht líne má bhíonn aon amhras ann.

## Ceanncheathrú

Tá ceanncheathrú na Comhairle Múinteoireachta lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh an post seo lonnaithe ansin. Tá prótacal oibre cumaisc forbartha ag an gComhairle Mhúinteoireachta ar aon dul leis an gCreat Beartais um Oibriú Cumaisc d'Eagraíocht na Státseirbhíse. Féadfaidh fostaithe iarratas a dhéanamh ar shocrú oibre cumaisc de réir riachtanas eagraíochtúil.

## Uaireanta Tinrimh

Beidh na huaireanta tinrimh socraithe agus ní bheidh siad níos lú ná 35 uair, glan ar shosanna, in aghaidh na seachtaine. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise as tinreamh breise mar go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon dliteanas freastail breise eisceachtúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile. Tá am solúbtha ar fáil.

## Saoire Bhliantúil

Is é an liúntas saoire bliantúil ná 29 lá in aghaidh na bliana, ag ardú go 30 tar éis cúig bliana seirbhíse. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a thabhairt agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

## Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá ar bhonn pro rata le linn saoire bhreoiteachta teistithe de réir forálacha ciorclán ar shaoire bhreoiteachta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann de mhíchumas buan do sheirbhís.

## Aoisliúntas agus Scor

Tairgfear téarmaí pinsin na seirbhíse poiblí agus coinníollacha aois scoir don duine ceaptha de réir socruithe pinsin na Comhairle Múinteoireachta ag brath ar stádas an duine ceaptha rathúil:

Go ginearálta, beidh duine nach bhfuil aon stair inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo aige sna 26 seachtaine roimh an gceapachán nó nach bhfuil ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le nó gan phá ó phost inphinsin sa tSeirbhís Phoiblí ina bhall den Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair) ar cuireadh tús léi ón 1 Eanáir 2013 – Alt 10 den Acht um Phinsean na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

Fanfaidh duine atá ar iasacht ina b(h)all de scéim pinsin na máthair-eagraíochta agus beidh an luach saothair inphinsin bunaithe ar a g(h)rád substainteach i.e., an grád ag a bhfuil an duine fostaithe ina m(h)áthair-eagraíocht.

Beidh téarmaí caighdeánacha pinsin seirbhíse poiblí ag duine a bhí ina b(h)all de 'scéim pinsean seirbhíse poiblí a bhí ann cheana' mar a fhorléirítear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Pinsin Eile), 2012 agus nach gcáilíonn do bhallraíocht den Scéim Aonair a léiríonn stádas iontrálaí nua nó neamh-iontrálaí nua chun críocha an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha) 2004.

## Faisnéis Eile

Ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta freagrach as aon chostais a thabhaíonn iarrthóirí a aisíoc.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine ar fheachtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil an Chomhairle Mhúinteoireachta sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú agus níl ráthaíocht ag dul leis go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach duit, mar sin, a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála seo ach mar sin féin go bhfreastalaíonn tú ar agallamh beidh tú ag cur costas neamhriachtanach ort féin.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh le bheith ceaptha don phost seo déanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinntiú. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán, ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

Má dhiúltaíonn an duine a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, agus ansin tugann siad é suas nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, déileálfar le hiarratais go huile is go hiomlán faoi rún.

## A mheas go bhfuil an iarrthóireacht tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh eile ag iarrthóirí le bheith curtha san áireamh don phost nuair nach bhfreastalaíonn siad ar agallamh nuair a éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta, nó nach dtugann, nuair a iarrtar sin, cibé fianaise a éilíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

## Aiseolas maidir leis an bpróiseas

Cuirfear aiseolas ar fáil ach é a iarraidh i scríbhinn tar éis na céime agallaimh. Ní chuirtear aiseolas ar fáil ag an gcéim ghearrliostaithe. Ba cheart iarratas den sórt sin a dhéanamh laistigh de cúig lá oibre tar éis chinneadh na Comhairle a bheith curtha in iúl duit.

## Oibleagáidí Iarrthóirí

Ba chóir d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad de bharr canbhasála agus go n-eisiafófar iad ón

bpróiseas.

Ní ceadmhach d’iarrthóirí:

- Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta,
- Canbhasáil duine ar bith le nó gan aslú,
- Cur isteach ar an bpróiseas nó an próiseas a chur i gcontúirt ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí pearsanú a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas.

Aon duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chabhraíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú má fhaightear ciontach i gcion é/í. Dlitear fíneáil agus/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, i gcás ina raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta, ansin:

- I gcás nach mbeidh an t-iarrthóir ceaptha chun poist, beidh sé dícháilithe mar iarrthóir; agus
- I gcás ina mbeidh an t-iarrthóir ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh siad an ceapachán sin.

## An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Nuair a fhaightear d'fhoirm iarratais, déanaimid taifead i d'ainm ina bhfuil go leor den eolas pearsanta a chuir tú ar fáil. Tá an fhaisnéis seo faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí a leagtar síos san Acht um Chosaint Sonraí, 2018, agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), 2018. Chun iarratas a dhéanamh faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 nó RGCS 2018, cuir isteach d'iarratas i scríbhinn chuig dpo@teachingcouncil.ie.

Cinntigh le do thoil go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead cuí a aithint. Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair as taifid chun críocha staidrimh ginearálta.